www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

# Irish

## Unit 3: Listening

## Higher Tier

**[GIR32]**

**THURSDAY 10 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice

Audio “beep” to precede each question

Questions 1 – 4 insert 7 and 12 second pauses

Questions 5 – 9 insert 9 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2018
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and following the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Four people talk about their jobs.

*M* – Is mise Ruairí. Bím ag obair cúig lá sa tseachtain san ospidéal. Is glantóir mé. Bíonn a lán le déanamh agam ach is maith liom an obair.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Is mise Póilín. Is dlíodóir mé. Bím ag obair sa chúirt gach lá. Tá an obair leadránach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Is mise Marcas. Tá post suimiúil agam. Is fáilteoir mé. Tá mé ag obair san óstán nua ar an bhaile mhór. Is maith liom bualadh le daoine.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – Is mise Caoimhe. Is príomhoide mé. Is maith liom mo phost mar is maith liom a bheith ag obair le páistí.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

2 Oisín talks about using his computer.

*F* – An bhfuil suim agat sa ríomhaireacht, a Oisín?

*M* – Tá, cinnte. Tá sé iontach praiticiúil dom. Tá mo dhaidí ag obair thar lear agus is féidir liom labhairt leis ar líne.

*F* – Tuigim.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Is mór an trua nach dtuigeann mo mhamaí. Níl sí sásta ar chor ar bith.

*F* – Cad chuige?

*M* – Deir sí go gcaithim barraíocht ama ar an ríomhaire. Caithim a lán airgid ar chluichí ríomhaire agus is maith liom iad a imirt i ndiaidh na scoile.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – An bhfuil scileanna maithe ríomhaireachta ag do mháthair?

*M* – Níl. Is féidir léi rudaí simplí a dhéanamh ach ba mhaith léi níos mó scileanna a fhoghlaim. Dúirt mé léi dul chuig ranganna.

*F* – Bíonn ranganna ríomhaireachta ar siúl san ionad pobail gach oíche Mháirt.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Tá sé sin ar fheabhas. Sílim go bhfuil scileanna ríomhaireachta úsáideach ag gach duine.

*F* – Aontaím leat.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

3 You hear Pól talking.

F – Tá tú mall, a Phóil.

M – Tá a fhios agam. Bhí mé ag tiomáint ar an mhótharbhealach go Béal Feirste ar maidin agus tharla taisme bóthair.

F – Chuala mé sin ar an raidió.

M – Bhí mé féin ar an bhóthar ag an am agus chonaic mé an taisme.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Cad é a tharla?

M – Bhí sé iontach gaofar agus thit crann ar an bhóthar. Tháinig leoraí an bealach agus ní fhaca an tiománaí an crann ina luí ar an bhóthar agus bhuail sé isteach ann.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – An tiománaí bocht.

M – Bhí trua agam dó. Bhí eagla an domhain air. Bhí sé ag iarraidh labhairt lena bhean chéile. Chuir mise scairt uirthi agus d'inis mé an scéal di.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Cad é a tharla ansin?

M – Tháinig na gardaí. D'iarr siad orm dul chuig stáisiún na ngardaí ar a ceathair a chlog inniu. Tá an stáisiún suite taobh leis an ionad sláinte.

F – An bhfuil tú ceart go leor anois, a Phóil?

M – Tá mé.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Máire and Liam discuss holidays.

*F* – Cá ndeachaigh tú ar do laethanta saoire i mbliana, a Liam?

*M* – Chuaigh mé thar lear. De ghnáth fanaim in Éirinn ach, i mbliana, chuaigh mé chuig an Spáinn le mo theaghlach.

*F* – Cad é a rinne tú gach lá?

*M* – Bhí cuid mhór déagóirí eile ag stopadh san óstán agus bhí an-spórt againn ag an linn snámha. Bhí na háiseanna thar barr. Thug mo thuismitheoirí cuairt ar áiteanna stairiúla sa cheantar ach ní raibh fonn orm dul leo.

*F* – Ar thaitin an bia leat?

*M* – Thaitin. D'ith muid bia na háite agus bhí sé iontach blasta.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* – An ndeachaigh sibh amach gach oíche?

*M* – Ní dheachaigh mar bhí banna ceoil ag seinm san óstán gach oíche.

*F* – An mbeidh sibh ag dul ar ais chuig an Spáinn ar an bhliain seo chugainn?

*M* – Ní bheidh, ar an drochuair. Ní raibh mo mhamaí sásta mar ní raibh sí in inmhe cur suas leis an teas.

*F* – Cá mbeidh sibh ag dul?

*M* – Ba mhaith le mo mháthair coicís a chaitheamh i dteach saoire i nDún na nGall.

*F* – Beidh sé sin galánta.

*M* – Tá an ceart agat. Tá mé ag súil go mór le mo laethanta saoire i nDún na nGall.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

5 You hear a conversation.

*M* – A Áine, chuala mé go bhfuil d'athair ag tógáil láithreán campála. An bhfuil sé sin fíor?

*F* – Tá sé fíor. Níl ach óstán amháin ar an bhaile mhór. Tagann a lán cuairteoirí chuig an bhaile anois agus níl lóistín ar fáil dóibh.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Tá gach duine ag rá go mbeidh bruscar ina luí ar na sráideanna mar beidh a lán daoine óga sa cheantar agus ní bhíonn meas ag daoine óga ar an timpeallacht.

*F* – Ní aontaím leis sin.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cá mbeidh an láithreán campála suite?

*F* – Beidh sé suite ar an fheirm atá ag m'athair. Tá an fheirm suite cois abhann.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cén uair a bheidh sé réidh?

*F* – Beidh sé réidh san earrach mar caithfidh gach rud a bheith oscailte roimh an tsamhradh do na turasóirí.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

6 Nuala talks about an injury.

*M* – A Nuala, cad é a tharla duit?

*F* – Thit mé ag deireadh na seachtaine agus ghortaigh mé mo ghualainn.

*M* – An bhfuil sí briste?

*F* – Níl sí briste ach tá sí iontach nimhneach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cad é a tharla?

*F* – Thit mé nuair a bhí mé féin agus mo thuismitheoirí amuigh sna sléibhte Dé Sathairn. Thosaigh sé ag cur fearthainne agus d'éirigh an talamh fliuch. Ní raibh bróga maithe orm agus, an chéad rud eile, thit mé.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Ar bhuail tú do cheann?

*F* – Níor bhuail, buíochas le Dia. Bhí carraig mhór ina luí ar an talamh romham agus, nuair a thit mé, bhuail mé mo ghualainn ar an charraig. Bhí mé i bpian ach bhí mé in ann siúl.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cad é mar atá tú anois?

*F* – Tá biseach ag teacht orm ach níl mé ar ais ar scoil go fóill.

*M* – Cad é a rinne do thuismitheoirí nuair a thit tú?

*F* – Thosaigh siad ag argóint!

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

7 You hear a conversation.

*F* – An raibh tú ag an chluiche iomána, a Chiaráin?

*M* – Bhí, cinnte, a Úna. Téim chuig na cluichí uilig mar tá mo dheartháir ag imirt ar an fhoireann. Is iománaí maith é.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Chaill mise an cluiche mar bhí mé ag obair Dé Domhnaigh.

*M* – Is mór an trua sin. Tá post páirtaimseartha agamsa fosta. Bím ag obair ar an Satharn ach bím saor ar an Domhnach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Ar thaitin an cluiche leat?

*M* – Thaitin sé go mór liom mar bhí an t-atmaisféar ar fheabhas ach bhí mé rud beag neirbhíseach ag an am céanna.

*F* – Cad chuige?

*M* – Chuir muid tús maith leis an chluiche ach bhí imní orm sa dara leath. Ní raibh muid ag imirt go ró-mhaith mar bhí na buachaillí tuirseach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Cad é a rinne tú nuair a bhain siad an cluiche?

*M* – Bhí áthas ar gach duine agus rith cuid den scaifte amach ar an pháirc. Nuair a thóg mo dheartháir an corn thosaigh mé ag caoineadh. D’amharc mo chairde orm agus thosaigh siad ag gáire. Bíonn siad ag magadh fúm go fóill ach is cuma liom.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

8 You hear people taking part in a survey about Christmas shopping.

*[Fem voice]* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*[Clár]* – Clár an t-ainm atá orm.

*[Fem voice]* – An maith leat dul amach ag siopadóireacht ag an Nollaig, a Chláir?

*[Clár]* – Is maith ach ní théim chuig na siopaí. Is fearr liom dul chuig margadh mar bíonn rudaí difriúla ar fáil. Creidim fosta gur chóir dúinn earraí áitiúla a cheannach.

*[Fem voice]* – Go raibh maith agat agus Nollaig Shona duit.

*Pause 9 seconds and repeat*

*[Fem voice]* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*[Mícheál]* – Mícheál an t-ainm atá orm.

*[Fem voice]* – An maith leat dul amach ag siopadóireacht ag an Nollaig, a Mhíchíl?

*[Mícheál]* – Ní maith liom dul thart ar na siopaí. Ceannaím gach rud a bhíonn de dhíth orm san ollmhargadh.

*[Fem voice]* – Cad é a cheannaíonn tú?

*[Mícheál]* – Ceannaím cártaí Nollag. Anuraidh, cheannaigh mé cártaí agus dúirt gach duine go raibh siad an-deas. Bhí spideog ar na cártaí. Chuir mé nóta fiche punt i ngach cárta agus bhí mo theaghlach iontach sásta.

*[Fem voice]* – Go raibh maith agat.

*Pause 9 seconds and repeat*

*[Fem voice]* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*[Ruairí]* – Is mise Ruairí.

www.xtrapapers.com

*[Fem voice]* – An maith leat dul amach ag siopadóireacht ag an Nollaig, a Ruairí?

*[Ruairí]* – Ní maith liom dul amach ag siopadóireacht in am ar bith. Ceannaím gach rud ar líne.

*[Fem voice]* – Cad chuige?

*[Ruairí]* – Is féidir rudaí a fháil níos saoire ar líne.

*[Fem voice]* – Tuigim. Go raibh maith agat.

*Pause 9 seconds and repeat*

*[Fem voice]* – Dia duit. Cad é an t-ainm atá ort?

*[Róisín]* – Is mise Róisín.

*[Fem voice]* – An maith leat dul amach ag siopadóireacht ag an Nollaig, a Róisín?

*[Róisín]* – Is maith liom ach uaireanta bíonn sé deacair bronntanas a roghnú. Nuair a thugaim bronntanas Nollag do dhuine ar bith tugaim admháil don duine chomh maith. Is féidir leis an duine an bronntanas a athrú muna bhfuil sé sásta leis.

*[Fem voice]* – Tá sé sin iontach praiticiúil. Go raibh maith agat.

*[Róisín]* – Nollaig shona duit.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

9 You hear a conversation between Peadar and Nóra.

*M* – An bhfaca tú an nuacht aréir, a Nóra?

*F* – Chonaic, a Pheadair.

*M* – Cad é a shíl tú de?

*F* – Bhí sé millteanach. Bhris sé mo chroí.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Tá sé iontach deacair a chreidbheáil go bhfuil líon na ndaoine gan dídean chomh hard sin in Éirinn.

*M* – Ní raibh a fhios agam go raibh an oiread sin daoine ar na sráideanna.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Tá sé ag éirí níos measa gach aon bhliain. Agus rud eile, tá i bhfad níos mó cailíní óga le feiceáil ar na sráideanna anois.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Tá an scéal go holc agus is dócha go bhfuil an dífhostaíocht ag cur leis an fhadhb chomh maith. Tá a lán daoine as obair ar na laethanta seo.

*F* – Tá an ceart agat.

*M* – Ar ndóigh, tá sé fíordheacair do dhuine post a fháil nuair nach bhfuil áit chónaithe aige.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Anuraidh thóg an chomhairle áitiúil brú nua do na daoine gan dídean ach tá níos mó seirbhísí de dhíth orthu.

*M* – Tá an ceart agat. Cad é eile is féidir a dhéanamh?

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*F* – Cuirtear cuid mhór bia amú. Gach lá caitheann siopadóirí bia atá as dáta amach. Is mór an trua nach féidir an bia sin a chur ar fáil do na daoine gan dídean.

*M* – Tuigim sin.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.